Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0383(NLE)**

**14614/21**
**ADD 1**

**JAI 1333**
**COPEN 433**
**CYBER 321**
**ENFOPOL 483**
**TELECOM 453**
**EJUSTICE 106**
**MI 913**
**DATAPROTECT 277**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 719 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 719 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 719 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 719 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht**

## IARSCRÍBHINN […]

Chun leasa an Aontais, agus an Prótacal á dhaingniú ag na Ballstáit, déanfaidh siad na forchoimeádais, na dearbhuithe, na fógraí nó na teachtaireachtaí seo a leanas, mar aon le breithnithe eile.

### 1. FORCHOIMEÁDAIS

Leis an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí ('an Prótacal'), Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist'), ceadaítear do Pháirtí a dhearbhú, i gcomhréir le hAirteagal 19, mír 1, go mbaineann sé feidhm as forchoimeádas dá bhforáiltear i ndáil le roinnt airteagal den Phrótacal.

Staonfaidh na Ballstáit ón gceart a fhorchoimeád gan Airteagal 7 (nochtadh sonraí rannpháirtithe) a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 7, mír 9, pointe a.

Staonfaidh na Ballstáit ón gceart a fhorchoimeád gan Airteagal 7 (nochtadh sonraí rannpháirtithe) a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha áirithe uimhreacha rochtana de bhun Airteagal 7, mír 9, pointe b.

Moltar do na Ballstáit staonadh ón gceart a fhorchoimeád gan Airteagal 8 a chur i bhfeidhm (feidhm a thabhairt d'orduithe ó Pháirtí eile) i ndáil le sonraí tráchta de bhun Airteagal 8, mír 13.

I gcás ina dtugtar Airteagal 19, mír 1 bonn le haghaidh forchoimeádais eile, údaraítear do na Ballstáit a gcuid forchoimeádas féin a bhreithniú agus a dhéanamh.

### 2. DEARBHUITHE

Leis an bPrótacal, ceadaítear freisin do Pháirtí dearbhú a dhéanamh i ndáil le roinnt airteagal den Phrótacal, de réir Airteagal 19, mír 2.

Déanfaidh na Ballstáit an dearbhú de bhun Airteagal 7, mír 2, pointe b, agus é á léiriú nach mór d'orduithe arna n-eisiúint chuig soláthraithe seirbhíse ar a gcríoch a bheith eisithe ag ionchúisitheoir nó ag údarás breithiúnach eile, sin nó faoi mhaoirseacht ionchúisitheora nó údaráis bhreithiúnaigh eile, nó seachas sin, ní mór dó a bheith eisithe faoi mhaoirseacht neamhspleách. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit an dearbhú seo a leanas tráth a dhéanfar an ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa a thaisceadh:

> *'An t-ordú faoi Airteagal 7, mír 1, ní mór dó a bheith eisithe ag ionchúisitheoir nó ag údarás breithiúnach eile, sin nó faoi mhaoirseacht ionchúisitheora nó údaráis bhreithiúnaigh eile, nó seachas sin, ní mór dó a bheith eisithe faoi mhaoirseacht neamhspleách.'*

Moltar do Pháirtithe staonadh óna dhearbhú, faoi Airteagal 9, mír 1, pointe b, nach ndéanfaidh siad iarrataí faoi Airteagal 9, mír 1, pointe a (nochtadh brostaithe sonraí ríomhaireachta i gcás éigeandála) a fhorghníomhú, ar iarrataí iad nach n-iarrann ach sonraí rannpháirtithe a nochtadh.

I gcás ina dtugtar Airteagal 19, mír 2 bonn le haghaidh dearbhuithe eile, údaraítear do na Ballstáit a gcuid dearbhuithe féin a bhreithniú agus a dhéanamh.

## 3. DEARBHUITHE, FÓGRAÍ NÓ TEACHTAIREACHTAÍ

Leis an bPrótacal, ceanglaítear ar Pháirtí dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí a dhéanamh i ndáil le roinnt airteagal den Phrótacal, i comhréir le Airteagal 19, mír 3.

Nuair a eiseofar ordú faoi Airteagal 7, mír 1 do sholáthraí seirbhíse ar chríoch na mBallstát, tabharfaidh siad fógra go bhfuil fógra comhuaineach faoin ordú ag teastáil, maille le faisnéis fhorlíontach agus achoimre ar na fíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht, de bhun Airteagal 7, mír 5, pointe a. Dá réir sin, tráth an tsínithe nó tráth a bheidh a n-ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa á taisceadh acu, déanfaidh na Ballstáit an fógra seo a leanas a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa:

> *'Nuair a eisítear ordú faoi Airteagal 7, mír 1 chuig soláthraí seirbhíse ar chríoch [Ballstáit], tá na rudaí seo a leanas ag teastáil uainn i ngach cás: fógra comhuaineach faoin ordú, an fhaisnéis fhorlíontach agus achoimre ar na fíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht'.*

De bhun Airteagal 7, mír 5, pointe e, ainmneoidh na Ballstáit údarás aonair chun fógra a fháil faoi Airteagal 7, mír 5, pointe a, agus chun na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu i mír 5, pointí b, c agus d a dhéanamh, agus cuirfidh na Ballstáit faisnéis teagmhála an údaráis sin in iúl.

Dearbhóidh na Ballstáit, faoi Airteagal 8, mír 4, go bhfuil faisnéis tacaíochta bhreise ag teastáil chun feidhm a thabhairt d'orduithe faoi Airteagal 8, mír 1. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit an dearbhú seo a leanas tráth an tsínithe nó tráth a bheidh a n-ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa á taisceadh acu:

> *'Tá faisnéis tacaíochta bhreise ag teastáil chun feidhm a thabhairt d'orduithe faoi Airteagal 8, mír 1. Braithfidh an fhaisnéis tacaíochta bhreise a bheidh ag teastáil ar chúinsí an ordaithe agus ar an imscrúdú nó an imeacht gaolmhar'.*

Na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 8, mír 10, pointe a le hordú a chur isteach faoi Airteagal 8, agus na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 8, mír 10, pointe b le hordú a fháil faoi Airteagal 8, déanfaidh na Ballstáit faisnéis teagmhála na n-údarás sin a chur in iúl agus a choinneáil cothrom le dáta. Na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a cuireadh ar bun le Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), áireofar OIPE, i bhfeidhmiú a hinniúlachtaí mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagail 22, 23 agus 25 de Rialachán (AE) 2017/1939, i measc na n-údarás a chuirtear in iúl faoi Airteagal 8, mír 10, pointí a agus b.

Cuirfidh na Ballstáit in iúl cé hé an t-údarás nó cé hiad na húdaráis a bhfuil fógra le tabhairt dóibh i ndáil le teagmhas slándála faoi Airteagal 14, mír 7, pointe c.

Cuirfidh na Ballstáit in iúl cé hé an t-údarás nó cé hiad na húdaráis atá le húdarú a thabhairt chun críoch Airteagal 14, mír 10, pointe b, i ndáil le sonraí a fhaightear faoin bPrótacal a aistriú ar aghaidh chuig Stát eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta eile.

I gcás ina dtugtar Airteagal 19, mír 3 bonn le haghaidh dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí eile, údaraítear do na Ballstáit a gcuid dearbhuithe, fógraí agus teachtaireachtaí féin a bhreithniú agus a dhéanamh.

## 4. BREITHNITHE EILE

Na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a cuireadh ar bun le Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chur chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), áiritheoidh siad gur féidir le OIPE, i bhfeidhmiú a

hinniúlachtaí di mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagail 22, 23 agus 25 de Rialachán (AE) 2017/1939, comhar a lorg faoin bPrótacal ar an gcaoi chéanna le hionchúisitheoirí náisiúnta na mBallstát sin.

Agus sonraí á n-aistriú chun críocha an Phrótacail, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear in iúl don Pháirtí fála go gceanglaítear lena gcreat dlíthiúil náisiúnta go dtabharfar fógra pearsanta don duine aonair a dhéantar a chuid sonraí a sholáthar, de bhun Airteagal 14, mír 11, pointe c den Phrótacal.

Maidir le haistrithe idirnáisiúnta ar bhonn Scáth-Chomhaontú AE-SAM, cuirfidh na Ballstáit in iúl d'údaráis inniúla na Stát Aontaithe, chun críocha Airteagal 14, mír 1, pointe b den Phrótacal, go bhfuil feidhm ag an gComhaontú maidir le haistrithe cómhalartacha sonraí pearsanta faoin bPrótacal idir údaráis inniúla. Mar sin féin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh gur cheart an Comhaontú a chomhlánú le coimircí breise lena gcuirtear san áireamh na ceanglais uathúla a bhaineann le fianaise leictreonach a bheith á haistriú go díreach ag soláthraithe seirbhíse seachas idir údaráis mar a fhoráiltear dó sin faoin bPrótacal. Dá réir sin, cuirfidh na Ballstáit an teachtaireacht seo a leanas chuig údaráis inniúla na Stát Aontaithe tráth an tsínithe nó tráth a bheidh a n-ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa á taisceadh acu:

> *'Chun críocha Airteagal 14, mír 1, pointe b den Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht, measaimid go bhfuil feidhm ag an Scáth-Chomhaontú AE-SAM maidir le haistrithe cómhalartacha sonraí pearsanta idir údaráis inniúla faoin bPrótacal. I gcás aistrithe idir soláthraithe seirbhíse ar ár gcríoch agus údaráis sna Stáit Aontaithe faoin bPrótacal, níl feidhm ag an gComhaontú ach amháin in éineacht le socrú sonrach breise i ndáil le haistriú lena dtugtar aghaidh ar na riachtanais uathúla a bhaineann le fianaise leictreonach a bheith á haistriú go díreach ag soláthraithe seirbhíse seachas idir údaráis'.*

Chun críoch Airteagal 14, mír 1, pointe c den Phrótacal, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh siad ag brath ar chomhaontuithe ná socruithe eile ach amháin má tá cinneadh leordhóthanachta glactha ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 nó Airteagal 36 den Treoir maidir le Forghníomhú an Dlí (AE) 2016/680 i gcás an tríú tír lena mbaineann, cinneadh lena gcumhdaítear na haistrithe sonraí, nó má dhéantar coimircí iomchuí i ndáil le cosaint sonraí a áirithiú leis an gcomhaontú nó an socrú eile sin de bhun Airteagal 46 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó Airteagal 37, mír 1, pointe a den Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí.